**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000050/2023**
**ar an gComhairle**
Riail 136
**Alexander Bernhuber**, **Milan Brglez**, **Martin Hojsík**, **Michèle Rivasi**, **Anja Hazekamp**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Athbhreithniú ar thionscnamh um pailneoirí – beart nua le haghaidh pailneoirí

Is é is aidhm do thionscnamh athbhreithnithe an Aontais um pailneoirí dul i ngleic leis an meath scanrúil atá ag teacht ar fheithidí pailnitheacha fiáine san Eoraip.

1. An mbunóidh an Chomhairle comhordú níos dlúithe idir na Ballstáit i gcomhthéacs phleananna straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta agus an roinnfidh sí dea-chleachtais le pailneoirí fiáine a chosaint chun slándáil bia a áirithiú? Conas a thugann na Ballstáit aghaidh ar na cúiseanna le meath na bpailneoirí, lena n-áirítear truailliú solais?

2. Conas atá na Ballstáit ag rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar phobail pailneoirí fiáine? An bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil chun tionscnaimh faireacháin de chuid an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme trí rochtain ar thalamh príobháideach a éascú? An bhfuil na Ballstáit ag tacú le scéim uaillmhianach AE chun faireachán a dhéanamh ar phailneoirí trí acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun faireachán a dhéanamh agus chun faisnéis ionadaíoch, iontaofa agus inchomparáide a bhailiú?

3. Cad iad na bearta atá á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun saineolas ar thacsanomaíocht agus ar staidéar ainmhíoch a mhéadú? Cad iad na bearta atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun cur le cumas na saoránach faireachán a dhéanamh ar phailneoirí, go háirithe d’fhonn scéimeanna faireacháin nua a bhunú le haghaidh féileacán agus pailneoirí eile agus tacú le scéimeanna atá ann cheana? Cén tacaíocht atá á cur ar fáil ag na Ballstáit chun acmhainneacht faireacháin ar fhéileacán a mhéadú d’fhonn na scéimeanna faireacháin atá ann cheana a neartú nó cinn nua a bhunú, agus ar an gcaoi sin ionadaíochas an táscaire maidir le féileacáin féaraigh a fheabhsú?

Curtha síos: 26.10.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 27.1.2024